



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Cúntóir Taighde

Post ar conradh – an 1 Feabhra go dtí an 31 Nollaig 2021

Tá Cúntóir Taighde ar conradh á earcú ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmaolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. Is grúpa taighde é Gaois a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhisean ag Gaois acmhainní iontaoifa nuálaíochta a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú. Tá eolas faoi na tionscadail éagsúla atá faoi chúram Gaois le fáil ag www.gaois.ie. Beidh an cúntóir taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmaolaíocht, den teangeolaíocht chorpais, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge ar Champas na Naomh Uile, de réir mar a cheadófar a leithéid faoi shrianta COVID-19.

Riachtanais:

- Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2.1 i ngné na Gaeilge)
- Ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge scríofa
- Eolas ar an ngramadach
- Bunscileanna ríomhaireachta
- Bheith sásta oibriú mar bhall de mheitheal idirdhisciplíneach
- Bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh

D'fhéadfadh tástáil scríofa sa Ghaeilge a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tuarastal: €25,143

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé:
An Dr Úna Bhreathnach (01 700 8083); una.bhreathnach@dcu.ie

Iarratais:

Ba chóir

(i) litir iarratais **i nGaeilge**, ina míneofar cén fáth a bhfuil suim ag an iarrthóir sa phost, agus

(ii) CV **i nGaeilge**

a chur chuig clare.coughlan@dcu.ie faoi **mheán lae, Dé Luain, an 4 Eanáir 2021**.

Reáchtálfar agallaimh go fíorúil ar Zoom **Dé Luain, an 11 Eanáir 2021**.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá cuid de na tionscadail a bhfuil Gaois ag plé leo á bpáirtmhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.